C/2025/6433

28.11.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12178 — HANGCHA / MANITOU / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/6433)

1. An 18 Samhain 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle agus tar éis tarchur de bhun Airteagal 4(5) den Rialachán sin ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Hangcha Group Co., Ltd ('Hangcha', an tSín), faoi rialú Zhejiang Hangcha Holding Co., Ltd. go príomha.

— Manitou BF S.A. ('Manitou', an Fhrainc) faoi rialú theaghlaigh Himsworth agus Braud araon.

Gheobhaidh Hangcha agus Manitou rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(4) den Rialachán an Aontais um Chumaisc, ar chomhfhiontar úrnua (an 'JV').

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i ngnóthas nuachruthaithe ar comhfhiontar é.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta Shíneach é Hangcha a dhéanann speisialtóireacht i dtaighde, forbairt, monarú agus dáileadh feithiclí tionsclaíocha, amhail forcardaitheoirí agus ardáin ardaithe agus ardáin ardaithe oibre mhóibíleacha a chumhachtaítear le hinnill dócháin inmheánaigh nó cumhacht leictreach. Monaraíonn agus díolann sé freisin pacáistí ceallraí ian litiam ('Li-ion') tánaisteacha (i.e. in-athluchtaithe) agus cealla ceallraí agus modúil ceallraí ian litiam go príomha sa tSín agus, go pointe teoranta, sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch.

— Is cuideachta dhomhanda Fhrancach é Manitou a dhéanann speisialtóireacht i ndearadh, monarú agus dáileadh trealaimh láimhseála ábhair, amhail forcardaitheoirí, teilealáimhseoirí, ardáin ardaithe oibre mhóibíleacha, agus innealra eile d'earnálacha na tógála, na talmhaíochta agus na tionsclaíochta. Monaraíonn Manitou pacáistí ceallraí ian litiam freisin trína fhochuideachtaí Manitou Italia S.R.L. agus easyLi S.A.S. a bhfuil láithreacht láidir acu san Eoraip.

3. Is iad gníomhaíochtaí gnó an chomhfhiontair monarú pacáistí ceallraí ian litiam le haghaidh forcardaitheoirí leictreacha agus, b'fhéidir níos déanaí, le haghaidh ardáin ardaithe oibre mhóibíleacha sa Fhrainc.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12178– HANGCHA / MANITOU/ JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË